Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en)

11036/26

LIMITE

| | |
|---|---|
| SIMPL 167 | TRANS 450 |
| ANTICI 173 | SOC 427 |
| CODEC 1297 | AGRILEG 172 |
| DATAPROTECT 216 | PESTICIDE 50 |
| CYBER 317 | PHYTOSAN 62 |
| TELECOM 345 | VETER 103 |
| PROCIV 146 | DENLEG 67 |
| COMPET 830 | FOOD 88 |
| MI 695 | FEED 37 |
| ENV 812 | SEMENCES 51 |
| ENT 174 | CHIMIE 92 |
| STATIS 56 | FISC 241 |
| RECH 295 | ENER 479 |
| IND 445 | CONSOM 217 |
| SAN 515 | COTRA 58 |
| AGRI 533 | IA 191 |

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Simpliú: mar a sheasann cúrsaí agus treo don todhchaí<br>- Malartú tuairimí |

Gheobhaidh toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht le haghaidh an mhalartaithe tuairimí a thionólfar maidir leis an ábhar thuasluaite ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 14 Iúil 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**An simpliú: staid na himeartha agus an treo don todhchaí**

**Nóta Stiúrtha ón Uachtaránacht**

PUBLIC

## FORBHREATHNÚ

I gcomhthéacs thuarascálacha Letta agus Draghi[1], d’iarr an Chomhairle Eorpach 'réabhlóid simpliúcháin'[2] agus ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 tá iarrtha an athuair aici ar institiúidí uile an Aontais, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara rialacha a shimpliú agus ualaí riaracháin a laghdú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, tá sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún ualaí riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad, agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna, faoi dheireadh a shainordaithe reatha, d’fhonn coigilteas dar luach EUR 37.5 billiún in aghaidh na bliana a bhaint amach do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí trí thionscnaimh shimpliúcháin.

I mí an Mhárta 2026, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí leanúint den fhuinneamh atá ann maidir le hualaí a eascraíonn ón reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú agus a laghdú, go háirithe trí theacht ar chomhaontú, roimh dheireadh 2026, maidir leis na pacáistí omnibus uile atá ar feitheamh, lena n-áirítear pacáiste omnibus IS faoi mhí Iúil 2026. D’iarr ceannairí an Aontais ar an gCoimisiún freisin tionscnamh omnibus breise agus tionscnaimh shimpliúcháin eile a chur ar aghaidh, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir le pleanáil agus ceadú a luathú agus a chuíchóiriú a thuilleadh, agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá prionsabal na ‘simplíochta trí dhearadh’ i gcur chuige reachtach an Aontais. Rinne ceannairí ag an gComhairle Eorpach an iarraidh sin a athdhearbhú i mí an Mheithimh 2026, ag ar leag siad béim ar an bpráinn a bhaineann le dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh ar an gclár oibre seo.

Sa Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' a chomhaontaigh an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún an 24 Aibreán 2026, agus a d’fhormhuinigh ceannairí an Aontais, leagtar amach a thuilleadh cúig bhloc tógála straitéiseacha chun iomaíochas an Aontais a threisiú, agus baineann an chéad cheann díobh le rialacha a shimpliú. Leagtar amach sa Treochlár spriocdhátaí tosaíochta chun gach pacáiste omnibus atá ar feitheamh a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2026, agus na tograí Omnibus maidir le cánachas agus táirgí fuinnimh a thabhairt chun críche le linn R4 2027 ar a dhéanaí.

---

[1] Faoi seach, ‘Much more than a market’ [Margadh Thar an gCoitiantacht] agus ‘The future of European competitiveness’ [Todhchaí iomaíochas na hEorpa].

[2] Dearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa

**STAID NA hIMEARTHA**

Chuir Uachtaránacht na Cipire tuarascáil chuimsitheach ar dhul chun cinn maidir leis na pacáistí reachtacha simplithe uileghabhálacha faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 16 Meitheamh 2026.[3] As na deich bpacáiste a chuir an Coimisiún i láthair in 2025[4], tá sé phacáiste tugtha chun críche go hiomlán nó tá siad comhaontaithe go sealadach ag na comhreachtóirí (pacáistí Omnibus I-VI), agus tá cuid de phacáiste amháin comhaontaithe go sealadach freisin (Omnibus VII – Omnibus IS). Chomhaontaigh COREPER sainordú caibidlíochta maidir le cuid den phacáiste comhshaoil (Omnibus VIII) an 24 Meitheamh 2026. Leanfar le díospóireachtaí sa Chomhairle faoi Uachtaránacht na hÉireann maidir le gnéithe de na pacáistí gan réiteach a cuireadh i láthair in 2025 (pacáistí Omnibus VII-X). Thíolaic an Coimisiún dhá phacáiste eile an 24 Meitheamh 2026 maidir le cánachas (Omnibus XI) agus maidir le táirgí fuinnimh (Omnibus XII). Foráiltear freisin i gClár Oibre an Choimisiúin do 2026 Pacáiste do shaoránaigh (Omnibus XIII) le linn R4 2026.

PUBLIC

Ina *Communication for a Simpler, Clearer, Better Enforced EU rulebook [Teachtaireacht maidir le leabhar rialacha de chuid an Aontais atá níos simplí, níos soiléire agus atá forfheidhmithe ar bhealach níos fearr]*, a foilsíodh an 28 Aibreán 2026, leagann an Coimisiún amach roinnt prionsabail thábhachtacha maidir le simpliú agus rialáil níos fearr agus tá gealltanas tugtha aige grinn-athbhreithniú reachtaíochta a dhéanamh ar *acquis* an Aontais agus béim á leagan ar 12 réimse tosaíochta: saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí; seirbhísí airgeadais agus baincéireacht; aontas custaim; cánachas; sláinte agus sábháilteacht bia; talmhaíocht; iompar; fuinneamh; an aeráid; an comhshaol; an réimse digiteach; tithíocht agus ceadú. Sheol sé Ardán Simpliúcháin le déanaí freisin chun tuairimí páirtithe leasmhara a fháil ar réimsí le haghaidh tuilleadh simplithe.[5]

Is éard atá i gceist le simpliúchán go bunúsach ná rialáil níos fearr: tá sé ríthábhachtach go laghdóimid an t-ualach rialála agus ard-uaillmhian á gcoinneáil againn maidir le cosaint an chomhshaoil, cearta bunúsacha agus caighdeáin eile. Sa chomhthéacs sin, ag a cruinniú i mí na Nollag 2025, ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta Conclúidí na Comhairle maidir le Simpliúchán agus Rialáil Níos Fearr[6], agus é d'aidhm aici creat rialála simplithe a chothú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le príomhphrionsabail maidir le rialáil níos fearr.

---

[3] 9834/1/26 REV 1

[4] Omnibus I (inbhuanaitheacht agus tuairisciú um dhícheall cuí), Omnibus II (InvestEU), Omnibus III (an Comhbheartas Talmhaíochta), Omnibus IV (Cuideachtaí beaga meánchaipitlithe, digitú agus sonraíochtaí coitianta), Omnibus V (Ullmhacht Cosanta), Omnibus VI (Ceimiceáin), Omnibus VII (Réimse Digiteach), Omnibus VIII (Comhshaol), Omnibus IX (Mótarfheithiclí), Omnibus X (Sábháilteacht Bia agus Beatha)

[5] IO C, C/2026/3005, 3.6.2026

[6] 16201/25

**TREO DON TODHCHAÍ**

I gcomhréir leis an treoir ón gComhairle Eorpach, tá sé ríthábhachtach dá bhrí sin go gcoimeádfaidh institiúidí an Aontais an móiminteam atá ann leis an gclár oibre simplithe i gcomhar le chéile, chun torthaí soiléire fónta a bhaint amach do shaoránaigh. Ní mór dúinn cur chuige straitéiseach spriocdhírithe a choinneáil chun a áirithiú gur féidir príomhchuspóir an tsimpliúcháin a bhaint amach, is é sin go laghdófaí an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí, go háirithe ar FBManna, agus go dtacófaí le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais agus spriocanna beartais seanbhunaithe á gcoinneáil ag an am céanna.

Tá sé ríthábhachtach go n-oibrímid leis an bpráinn is gá chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iomaíochais an Aontais. Ní thiocfaidh tairbhí an tsimpliúcháin chun cinn i ndáiríre ach amháin trí éifeacht charnach iarrachtaí marthanacha comhbheartaithe leabhar rialacha an Aontais a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

Tá ról lárnach ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca leis an gclár oibre simpliúcháin sa Chomhairle. Dá bhrí sin, is iomchuí go ndéanfadh an Chomhairle measúnú ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus go bhféachfadh sí ar threo an chláir oibre simpliúcháin amach anseo chun a áirithiú go mbeimid ar an mbóthar ceart i gcónaí maidir lenár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Chun an plé a stiúradh, iarrtar ar na hAirí na ceisteanna seo a leanas a bhreithniú agus freagairt dóibh ina n-idirghabhálacha.

***Ceisteanna:***

1) ***Conas is féidir linn i gcomhar le chéile an móiminteam atá ann a choinneáil leis an gclár oibre simpliúcháin chun an t-ualach riaracháin a laghdú go bríoch agus chun tacú le hiomaíochas an Aontais, gan an bonn a bhaint de spriocanna beartais an Aontais?***

2) ***Cad iad na réimsí beartais ar cheart dúinn tús áite a thabhairt dóibh chun go ndéanfaí tuilleadh simpliúcháin ar leibhéal an Aontais chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus conas is féidir linn díriú ar an mbealach is fearr ar shimpliúchán ar féidir leis torthaí tapa a chur ar fáil?***

PUBLIC